Úinéirí Talún Oileán Thoraí: Iarratas ar rannpháirtíocht agus Moladh Gníomhartha Caipitil

Is é an aidhm atá ag tionscadal na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil maidir le Lapairí Goir na pobail reatha de lapairí goir na hÉireann a chaomhnú agus tacú lena n-aisghabháil ach bainistíocht spriocdhírithe tírdhreacha agus forbairt beartais fheasaigh a úsáid. Tá an tionscnamh náisiúnta cúig bliana seo, ar fiú €25 milliún é, comh-mhaoinithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) agus ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM).

Tá léiriú spéise breise ó shealbhóirí coimín agus ó úinéirí talún príobháideacha ar Oileán Thoraí á lorg i leith Thionscadal na CNE maidir le Lapairí Goir.

Tar éis comhairliúcháin iomadúla leis an bpobal, tá na gníomhartha caipitil seo a leanas á moladh d'Oileán Thoraí faoi Thionscadal na CNE maidir le Lapairí Goir. Ceapadh na gníomhartha chun pobail leochaileacha lapairí a chosaint le linn shéasúr goir na bliana 2026 agus chun tacú leis an bpobal áitiúil feasacht a ardú ar fhána éanúil uathúil an oileáin, go háirithe éin a dhéanann a nead ar an talamh.

Is é an aidhm atá ag na bearta molta an suaitheadh ar lapairí le linn an tséasúir goir a laghdú, ag tacú le torthaí rathúla goir. Féachtar leis na bearta freisin na gnéithe fliucha atá ann cheana a chosaint, cúinsí maoschláir a fheabhsú nuair is cuí, feasacht a ardú maidir le láithreacht éin ghoir agus tacú le caomhnú agus le feabhsú gnáthóige leanúnach ar an oileán.

Do shéasúr an ghoir 2026, moltar sa Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuáil maidir le Lapairí Goir na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh ar Oileán Thoraí chun na cuspóirí atá leagtha amach thuas a chur i gcrích:

- Fál sealadach ar feadh an tséasúir goir mar atá leagtha amach ar an léarscáil thíos, chun suaitheadh ar éin neadaithe a laghdú.
- Measúnú ar bhogaigh agus ar na dálaí draenála agus gnáthóige atá ann cheana i limistéir ábhartha ar an oileán chun tuilleadh gníomhartha bainistíochta a shocrú.
- Iniúchadh a dhéanamh ar thógáil bonneagair ábhartha, i.e. folachán éanbhreathnóireachta. Déanfar cinneadh maidir leis an suíomh i gcomhar leis an bpobal áitiúil.
- Comharthaíocht faisnéise le linn an tséasúir goir.

Roghnaíodh na gníomhartha thuas le heolas agus treoir a fuarthas ón bpobal áitiúil le linn cruinnithe a tionóladh roimhe seo. Ceapadh na bearta sin ar mhaithe le pobail lapairí, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar chónaitheoirí á íoslaghdú.

Mar chuid den tionscadal, déanfar suirbhéanna foirmiúla lapairí le linn an tséasúir goir, in éineacht le measúnuithe gnáthóige. Déanfaidh torthaí na hoibre sin eolas d'aon ghníomhartha eile a bhainfidh le bainistiú gnáthóige agus uisce ar Oileán Thoraí, nuair is cuí.

Tá caomhnú comhoibríoch agus rannpháirtíocht an phobail lárnach d'obair fhoireann na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil maidir le Lapairí Goir. Spreagtar úinéirí talún a bhfuil spéis

acu sa tionscadal teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Tionscadail Dhún na nGall chun tuilleadh eolais a fháil faoi phleananna feirme atá ar fáil. Cuirtear míle fáilte freisin roimh aiseolas ó chónaitheoirí maidir leis na gníomhartha atá beartaithe thuas.

Sonraí teagmhála:

Alena Kunkel

Ríomhphost: alena.kunkel@breedingwaders.ie

Fón: 0874902445



Fence boundaries	Teorainneacha an fháil
N	T
Km	km



Fence boundaries	Teorainneacha an fháil
Tory Island	Toraigh
N	T
Km	km

(limistéar ina bhfuil sé beartaithe fál sealadach a chur suas do shéasúr goir na bliana 2026, fad an fháil: thart ar 1.8km)